

# D'AON AMHARC

2025

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

# D'AON AMHARC 2025

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

**D'Aon Amharc 2025**

**© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2025.**
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org. Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org. Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up.

© Creidiúintí grianghraf: BEI, Energy Dome, Matr Foods, Rim Foam, Shutterstock, GettyImages

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

pdf: QH-01-25-001-GA-N ISBN 978-92-861-5886-5 doi: 10.2867/6652008

# MAIDIR LEIS AN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

Mar cheann de na hinstitiúidí iltaobhacha is mó dá bhfuil ann, spreagann an Banc Eorpach Infheistíochta dul chun cinn sna háiteanna is mó a bhfuil sé ag teastáil. Cuireadh an Banc ar bun siar in 1958 agus is le 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh é. Cuireann sé acmhainní agus saineolas airgeadais ag obair d'fhonn athrú bríoch a bhaint amach – ag feabhsú seirbhísí poiblí, ag tacú le gnólachtaí, ag cruthú post agus ag forbairt geilleagair a bhfuil teacht aniar iontu.

# TIONCHAR INBHUANAITHE

Is muidne banc aeráide an Aontais Eorpaigh. Creidimid gur féidir leis an saol mór a bheith níos glaise agus níos inbhuanaithe amach anseo. Idir mhaoiniú a chur ar fáil le troid i gcoinne an athraithe aeráide ar bhealach nuálach agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí idir bheag agus mhór an t-aistriú glas a dhéanamh, is minic a spreagann tacaíocht uainn athrú ó bhonn. Tríd an gCiste Eorpach Infheistíochta – cuid de Ghrúpa an BEI – cuirimid caipiteal fiontair ar fáil agus tugaimid an chumhacht do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide a bheith nuálach, dul i méid agus déanamh go maith.

# CUMHACHT DHOMHANDA

Agus breis is €1 trilliún infheistithe againn le níos mó ná trí scór bliain anuas, is fórsa iontaofa muid ar na margaí caipitil idirnáisiúnta, áit a ndíolaimid bannaí le hairgead a thiomsú sa chaoi gur féidir linn maoiniú iomaíoch a chur ar fáil do chliaint ar fud an domhain.

# ÁR dTIONCHAR IN 2024

**€350 billiún**

Luach na n-infheistíochtaí ar thacaigh Grúpa an BEI leo

**€17.2 billiún**

Luach an mhaoinithe do chathracha agus réigiúin inbhuanaithe

**€50.7 billiún**

Luach an mhaoinithe ghlais

**€63.4 billiún**

an luach a tiomsaíodh ar na margaí bannaí

**€16.2 billiún**

Luach an mhaoinithe do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide

**€8.7 billiún**

Luach an mhaoinithe do bhonneagar sóisialta

**€19.8 billiún**

Luach an mhaoinithe do nuálaíocht, teicneolaíocht dhigiteach agus eolas

**Os cionn 368 000**

Líon na mac léinn a ndeachaigh an maoiniú chun tairbhe dóibh

**13.7 milliún**

Líon na ndaoine atá ag ól uisce níos sábháilte

## Thug Grúpa an BEI maoiniú €88.8 billiún amach, €8.4 billiún taobh amuigh den Aontas Eorpach san áireamh.

**14.7 milliún**
líon na dteaghlach a bhfuil cumhacht acu

**5.9 milliún**
líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar shláintíocht níos fearr

**854 000**
líon na síntiús 5G

**305 milliún**
líon na dturas breise ar mhodhanna iompair phoiblí

**2 milliún**
líon na ndaoine a cosnaíodh in aghaidh tuilte

**20 964 MWh**
d'acmhainn giniúna leictreachais in-athnuaite

**107 370 km**
fad na línte cumhachta a suiteáladh nó a uasghrádaíodh

**67.5 milliún**
líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar bhonneagar uirbeach/réigiúnach níos fearr

**14.9 milliún**
líon na ndaoine atá ag fáil cúram sláinte níos fearr

# ÁR dTOSAÍOCHTAÍ

Gach bliain, déanaimid na céadta tionscadal nua a mhaoiniú i réimsí amhail gníomhú ar son na haeráide, digitiú, slándáil agus cosaint, tithíocht inbhuanaithe, talmhaíocht agus uisce glan. Cabhraíonn ár dtacaíocht le ceantair san Eoraip nach bhfuil chomh forbartha céanna, cuireann dlús le maoiniú glas agus cuireann infheistíocht sna margaí caipitil chun cinn. Agus an aidhm leis an saothar seo ar fad? Saol níos sláine, níos rathúla agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách.



**Déanfaidh grianphainéil Warehouses de Pauw suas le 350 gigeavatuair leictreachais a ghiniúint gach bliain, go leor leictreachais do 150 000 duine.**

1

# AN BANC
# AERÁIDE

**Tá an Banc Eorpach Infheistíochta chun tosaigh san aistriú chuig fuinneamh glan. Spreagaimid infheistíochtaí a dhéanann astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, a chosc nó a ionsú d'fhonn an t-athrú aeráide a mhaolú. Agus déanaimid tionscadail a mhaoiniú a chabhraíonn le pobail oiriúnú d'aeráid atá ag athrú.**

**€50.7 billiún**

**luach an mhaoinithe ghlais in 2024**

**€1 trilliún**

**luach an mhaoinithe do thionscadail aeráide agus chomhshaoil 2020-2030**

## AISTRIÚ GLAS BRABÚSACH

Tá Warehouses de Pauw ag suiteáil grianphainéal ar na trádstórais atá acu sa Rómáin, sa Bheilg agus san Ísiltír leis na díonta a athrú ina stáisiúin chumhachta. Is é an leigheas é ar chostais leictreachais atá ag méadú agus, níos fearr fós, is féidir leo cumhacht a sholáthar do chustaiméirí de chuid Pauw le hioncam breise a ghiniúint. Thugamar iasacht €250 milliún don tionscadal seo, rud is léiriú ar an gcaoi a gcuireann an tacaíocht a thugaimid do chliaint aonair an t-aistriú glas chun cinn ar an iomlán.



**Ní hamháin go gcuidíonn an taighde ar tháirgeadh na cruach leis an gcomhshaol, ach is bealach éifeachtach é chomh maith do Voestalpine dul san iomaíocht ar fud an domhain.**

# 2

# NUÁLAÍOCHT

**Beidh táirgiúlacht na hEorpa amach anseo agus an troid in aghaidh an athraithe aeráide ag brath go mór ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha. Déanann ár n-infheistíochtaí láidreacht na hEorpa a dhaingniú i réimsí amhail sliseanna, eolaíochtaí beatha agus na nuálaíochtaí aeráidneodracha a laghdaíonn astaíochtaí. Déanaimid infheistíocht freisin in earnálacha eile a bheidh ríthábhachtach maidir le fás geilleagrach amach anseo, amhail an intleacht shaorga, an ríomhaireacht chandamach agus an ard-déantúsaíocht.**

**854 000**

**líon na síntiús móibíleach 5G in 2024**

## RÉITEACH GLAS DON CHRUACH

An modh traidisiúnta le hiarnmhian a athrú ina cruach, tá sé dian ar acmhainní agus ina chúis le truailliú. Tá an comhlacht cruach Ostarach Voestalpine ag baint leas as iasacht €300 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta le cruach níos fearr a fhorbairt atá níos ilfheidhmí agus a mhaireann níos faide. Tá sé ag athrú na bpróiseas táirgthe freisin le bheith níos tíosaí ar fhuinneamh, le níos lú amhábhair a ídiú agus le truailliú a laghdú.



**Tá calafort Esbjerg sa Danmhairg ag athrú le freastal ar na hearnálacha cosanta agus fuinnimh ghlais.**

# 3

# SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

**Tacaímid le cumas slándála agus cosanta na hEorpa d'fhonn síocháin a chosaint. Éascaímid rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí Eorpacha agus do nuálaithe atá i mbun tionscadail a chosnaíonn saoránaigh. I réimsí amhail taiscéalaíocht agus faireachas, réitigh chibearshlándála, bonneagar agus soghluaisteacht mhíleata, cuirimid maoiniú ar fáil ar bhealaí atá deartha le tacú leis na smaointe siúd a choinníonn an Eoraip sábháilte, athléimneach agus nuálach.**

**Ár sprioc:**
**€6**
**billiún**
**a infheistiú sa réimse slándála agus cosanta**

## PORT SA DANMHAIRG A ATHRÚ Ó BHONN

Tá Calafort Esbjerg sa Danmhairg ar an bhfód le 156 bliain anuas. Tá sé á athrú ó bhonn anois le freastal ar árthaí míleata agus ar thionscal an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta. Tá infheistíocht á déanamh ag an gcalafort i gcríochfort nua le cabhair iasachta €115 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.



**Bhí Casamicciola Terme ar Oileán Ischia buailte go dona ag sciorradh talún. Rinneamar ár gcion féin le cabhrú leo atógáil – agus lena chinntiú go mbeadh an t-oileán níos athléimní tar éis tubaistí amach anseo.**

# 4

# COMHTHÁTHÚ

**Déanaimid infheistíocht sa chomhtháthú – is é sin le rá go ndéanaimid infheistíocht i dtionscadail lena gcuirtear forbairt inbhuanaithe chun cinn agus lena bhfeabhsaítear lánpháirtiú eacnamaíoch agus sóisialta ar fud réigiúin an Aontais Eorpaigh. Laghdaíonn na hinfheistíochtaí sin éagothromaíochtaí réigiúnacha, tugann cumhacht do phobail nach bhfaigheann cothrom na Féinne agus cabhraíonn leo déanamh go maith.**

**€38 billiún**

**luach an mhaoinithe comhtháthaithe in 2024**

## ATÓGTHA AGUS LÁIDIR

I mí na Samhna 2022, tharla sciorradh talún de dheasca báisteach throm ar Oileán Ischia i Murascaill Napoli, an Iodáil. Cailleadh 23 duine agus scuabadh tithe agus carranna chun siúil. Tá an t-oileán ag fáil pacáiste airgeadais ar fiú €1 billiún é ón mBanc Eorpach Infheistíochta le hatógáil tar éis na tubaiste.



**Tá tionscadal le níos mó ná 700 seomra a chur ar fáil do mhic léinn agus le cur leis na háiseanna acadúla in Ollscoil Teicneolaíochta na Cipire ina léiriú ar a thiomanta atáimid don oideachas agus don ionchuimsiú.**

# BONNEAGAR SÓISIALTA

**Tá seirbhísí ardchaighdeáin tithíochta, oideachais agus sláinte ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa. Feabhsaítear cathracha, cuirtear le tithíocht inacmhainne agus treisítear seirbhísí sóisialta de bharr ár gcuid maoinithe. Bíonn baint againn le tógáil nó athchóiriú breis agus 100 000 teach gach bliain san Eoraip. Feabhsaímid seomraí ranga agus bonneagar eile i scoileanna agus in ollscoileanna ar fud na mór-roinne, leis.**

**67.5 milliún**

**Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar bhonneagar uirbeach agus réigiúnach níos fearr in 2024**

## SEOMRAÍ I gCOMHAIR FOGHLAMA

Gach bliain, téann na céadta mac léinn in Ollscoil Teicneolaíochta na Cipire sa tóir ar áit chónaithe mhaith ar phraghas réasúnta. Bhí iasacht €125 milliún uainn ina cuidiú ag an Ollscoil roghanna tithíochta inacmhainne a thógáil agus seomraí ranga agus áiseanna ollscoile eile a uasghrádú.



**Tá feabhas ollmhór tagtha le deich mbliana anuas ar ionadaigh feola, ar nós na gceann a dhéanann Matr Foods. Tá an tionscadal seo ina chuid den mhéid atá á dhéanamh againn le hinbhuanaitheacht shlabhra breisluacha an bhia a fheabhsú.**

# TALMHAÍOCHT

**Tá ról ríthábhachtach ag an talmhaíocht sa tslándáil bhia agus san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Déanaimid tionscadail a mhaoiniú i réimsí amhail iascach, foraoisí, cáilíocht bhia, forbairt tuaithe agus táirgeadh aeráidchliste. Mar thoradh ar ár n-iasachtaí, is féidir le feirmeoirí slí bheatha níos fearr a bhaint amach, cosnaítear an comhshaol agus laghdaítear lorg carbóin na talmhaíochta.**

**€3 billiún**

**Luach pacáiste infheistíochta atá dírithe ar fheirmeoirí óga agus ar an gcomhionannas inscne**

**€5 billiún**

**don talmhaíocht agus don bhithgheilleagar gach bliain**

## BLASANNA NUÁLACHA

Tá ionadach feola forbartha ag Matr Foods sa Danmhairg atá geall leis an bhfeoil ó thaobh blais agus uigeachta de, ach nach ndéanann an dochar céanna don chomhshaol ná do shláinte an tomhaltóra. Úsáidtear comhábhair áitiúla, phlandabhunaithe le pióigíní a dhéanamh trí phróiseas coipthe fungas. Thug an BEI iasacht €20 milliún don tionscadal seo le tacú lena gcuid saothair.



**An tacaíocht a thugaimid do Rim Foam agus do chomhlachtaí eile dá leithéid sa Mháratáin, cuireann sí borradh faoi fhostaíocht, cabhraíonn le mná agus spreagann an fhiontraíocht.**

7

# INFHEISTÍOCHT DHOMHANDA

**Taobh amuigh den Aontas Eorpach, tugaimid tús áite do thacaíocht don Úcráin agus cuirimid forbairt inbhuanaithe chun cinn i réigiúin amhail réigiún na Meánmhara agus an Afraic fho-Shahárach. Déanaimid ár gcion féin ar fud an domhain le tacú le gníomhú ar son na haeráide agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA. Táimid ar cheann de na hiasachtóirí is mó don earnáil dhomhanda uisce.**

**Cúram sláinte feabhsaithe agus níos mó vacsaíní do níos mó ná**

**100**

**milliún duine**

## COMHIONANNAS INSCNE AR FUD AN DOMHAIN

Nuair a ghabh Cheikh Mohamed Elkarachi ceannas ar ghnóthas cúrphlaistigh a athar sa Mháratáin, bhí sé ag iarraidh mná a fhostú ach ní raibh leithris do mhná sa mhonarcha fiú. "Chuir mé leithris nua isteach," a deir sé, "ionas go mbeadh mná ar a gcompord ag obair anseo." Níorbh fhada gur thosaigh sé ag earcú mná chun poist thábhachtacha. Thacaíomar lena chuid athruithe trí bhanc áitiúil.



**Bheadh aontas margaí caipitil ina chuidiú ag comhlachtaí teacht ar an maoiniú a theastaíonn uathu le fás agus le hinfheistíocht a dhéanamh san aistriú glas.**

# 8

# AONTAS NA MARGAÍ CAIPITIL

Is éard atá i gceist le haontas na margaí caipitil ná plean le ligean d'infheistíochtaí agus do choigilteas sreabhadh fud fad an Aontais Eorpaigh. Rachadh sé chun tairbhe daoine aonair, infheisteoirí agus comhlachtaí, is cuma cá bhfuil siad lonnaithe. Chruthódh margadh aonair caipitil dálaí níos fearr do thionscadail i réimsí amhail teicneolaíochtaí nua, éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar in áiteanna den Aontas Eorpach a bhfuil sé deacair teacht ar mhaoiniú faoi láthair.

Táimid ag cruthú ionstraimí airgeadais faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn faoi fhíoraontas margaí caipitil amach anseo. Ár n-idirbhearta bannaí digiteacha, cuir i gcas, cuireann siad comhtháthú digiteach chun cinn i gcóras airgeadais na hEorpa agus feabhsaíonn rochtain do chomhlachtaí beaga a bhraitheann ar iasachtaí bainc go príomha.

**Níos mó ná**

**€110**

**billiún**

**i mbannaí feasachta aeráide agus feasachta inbhuanaitheachta**

**Cuir tuilleadh eolais ar thosaíochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta anseo**

D'AON
AMHARC
2025

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

pdf: ISBN 978-92-861-5886-5
© An Banc Eorpach Infheistíochta, 01/2025 GA 2024-0348